Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8235/25**
**ADD 1**

**JAI 491**
**SCHENGEN 22**
**SCH-EVAL 25**
**FRONT 95**
**IXIM 79**
**MIGR 145**
**ASILE 34**
**ENFOPOL 121**
**COMIX 121**
**CORDROGUE 45**
**VISA 60**
***CH***
***IS***
***NO***
***LI***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 185 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún<br>Tuarascáil ar Staid Schengen 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 185 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 185 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.4.2025
COM(2025) 185 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún**

**Tuarascáil ar Staid Schengen 2025**

GA GA

**IARSCRÍBHINN 1**

***Cur chun feidhme chóras Schengen: forléargas cothrománach, tírshonrach ar ghníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin Schengen, lena n-áirítear an staid ag teorainneacha inmheánacha***

*Is é Schengen an limistéar saoirse, slándála agus ceartais gan teorainneacha inmheánacha is mó ar domhan. Téann sé chun tairbhe do bhreis agus 450 milliún saoránach den Aontas, mar aon le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí san Aontas nó a thugann cuairt ar an Aontas mar thurasóirí, mar mhic léinn nó chun críoch gnó. Le daichead bliain anuas, tá an tsaoirse agus an tslándáil sin á soláthar ag Schengen a bhuí le creat láidir is bonn lena oibríochtaí laethúla. Le córas Schengen, leagtar síos rialacha comhchuibhithe ardcháilíochta maidir le dul isteach ann, áirithítear dianbhainistiú éifeachtach ar an teorainn sheachtrach, agus cuirtear comhar éifeachtach chun cinn maidir le forfheidhmiú an dlí agus cúrsaí inimirce. Ní ina aonar a oibríonn an córas; tá sé bunaithe ar chreat rialachais lena dtugtar tús áite do chur chun feidhme éifeachtach rialacha Schengen agus do fhreagairtí comhordaithe.*

*I bhfianaise an mhéid sin, tá ról lárnach ag* ***sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen*** *maidir leis na dálaí a chur chun cinn le haghaidh limistéar dea-fheidhmiúil gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha. Tríd an sásra idir piaraí sin, déanann foirne saineolaithe náisiúnta, arna gcomhordú ag an gCoimisiún agus le tacaíocht ó bhreathnóirí ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, meastóireachtaí ar gach tír Schengen chun easnaimh a shainaithint agus chun a áirithiú go réiteofar go pras iad, agus ar an gcaoi sin a sheachaint go mbeadh éifeachtaí iarmharta ann a d'fhéadfadh sláine agus cobhsaíocht Schengen a chur i mbaol. Is é an sásra an uirlis a úsáidtear freisin chun measúnú a dhéanamh ar ullmhacht tíortha nua i dtaobh rialacha uile Schengen a chur i bhfeidhm, agus é ina sprioc dheiridh deireadh a chur le rialú ag na teorainneacha inmheánacha mar chuid den phróiseas aontachais le limistéar Schengen.*

*In 2024, rinne an Coimisiún agus tíortha Schengen, le tacaíocht láidir ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí an Aontais, dul chun cinn leanúnach maidir leis an* ***tríú glúin de mheastóireachtaí Schengen****. Bhí simpliú agus laghdú mór ar an ualach riaracháin i gceist le cur i bhfeidhm an Rialacháin nua maidir le Meastóireacht Schengen (bhí sé huaire níos lú tuarascálacha ann mar thoradh ar Thuarascálacha tíre Schengen nua, rud a d'fhág go raibh níos lú moltaí ann), le fócas agus cuíchóiriú níos straitéisí, agus níos mó trédhearcachta faoi na torthaí. Tacaíodh leis sin freisin trí rannpháirtíocht comhordaitheoirí tíre náisiúnta a neartú. Ina theannta sin, forbraíodh straitéis chuimsitheach oiliúna chun creat oiliúna aontaithe maidir le meastóireacht Schengen a bhunú. Leanfaidh an Coimisiún den chur chuige nua sin a dhaingniú le tuarascálacha níos giorra agus le níos lú moltaí, agus díreoidh sé an tráth céanna ar na hathchóirithe struchtúracha is tábhachtaí a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr.*

*Rinneadh **meastóireachtaí Schengen** in 2024 sa Chróit, sa Pholainn, san Ungáir, sa tSlóvaic agus sa tSeicia, rud a thug léargas ar leith ar an staid ag teorainneacha thoir an Aontais. Cuireadh i dtábhacht sna meastóireachtaí na dúshláin a eascraíonn as an timpeallacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, lena n-áirítear bagairtí hibrideacha na Rúise, a bhfuil impleachtaí móra acu do shlándáil inmheánach Schengen. Ar an iomlán, léiríodh sna meastóireachtaí go bhfuil na tíortha sin ag glacadh páirt éifeachtach i struchtúr Schengen agus ag cur na rialacha bunaithe chun feidhme. I bhfianaise na ndúshlán slándála atá ag teacht chun cinn, áfach, tá gá le hullmhacht níos fearr. Cé gur dúshlán coiteann a bhí ann lánurraim do chearta bunúsacha ag an teorainn a áirithiú, léiríodh i meastóireacht na hUngáire go raibh easnaimh thromchúiseacha ann maidir le cearta bunúsacha a urramú le linn nósanna imeachta teorann agus nósanna imeachta um fhilleadh. Rinneadh meastóireachtaí freisin ag consalachtaí na Danmhairge, na hIorua agus na Sualainne, a bhain lena meastóireachtaí Schengen 2022 ar bheartas víosaí, rud a chuidigh le fáil réidh, sa deireadh, le riaráiste na meastóireachtaí a cuireadh siar mar gheall ar phaindéim COVID-19. Ina theannta sin, thug consalachtaí na Gearmáine, na Polainne agus na Spáinne cuairt amháin gan réamhfhógra ar Mumbai na hIndia, maidir le cur i bhfeidhm an chomhbheartais víosaí.*

*Mar chuid de na gníomhaíochtaí meastóireachta, díríodh go háirithe freisin ar an **staid ag na teorainneacha inmheánacha**. Cé gurbh amhlaidh, i gcás tíortha uile Schengen a ndearnadh meastóireacht orthu, nach raibh rialuithe athbhunaithe ag a dteorainneacha inmheánacha acu tráth na gcuairteanna meastóireachta, rinne na rialuithe sin difear do chuid de na tíortha a ndearnadh meastóireacht orthu (i.e. an Chróit, an Pholainn, an Ungáir, an tSlóvaic agus an tSeicia) mar gheall ar rialuithe den sórt sin a bheith tugtha isteach arís ag tíortha comharsanachta. Leag Comhordaitheoir Schengen béim freisin ar an tsaincheist thábhachtach sin le linn cruinnithe tráthrialta déthaobhacha agus iltaobhacha le tíortha Schengen. Faoi chuimsiú an idirphlé struchtúrtha sin, tionóladh 15 chruinniú idir tíortha a raibh rialú ag teorainneacha inmheánacha athbhunaithe acu agus tíortha a ndearna na rialuithe sin difear dóibh. Athdhearbhaíodh sa phlé sin cineál spriocdhírithe na rialuithe teorann inmheánaí agus soláthraíodh deiseanna chun an comhar trasteorann a neartú a thuilleadh, agus na huirlisí feabhsaithe a tugadh isteach le Cód Teorainneacha Schengen, a tháinig i bhfeidhm anuraidh, á gcur san áireamh.*


*Mar chuid de na hiarrachtaí neartaithe **faireacháin** faoi shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen, rinneadh athchuairteanna agus cuairteanna fíorúcháin sa Ghréig (mar gheall ar easnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh in 2021), in Éirinn (mar chuid den mheastóireacht Schengen chéaduaire atá ar siúl faoi láthair) agus sa Danmhairg. Áiríodh torthaí na ngníomhaíochtaí faireacháin uile i **Scórchlár Schengen 2024**, a cuireadh faoi bhráid thíortha Schengen le linn Chomhairle Schengen mhí na Nollag.*

*Ba í 2024 an bhliain freisin ina raibh príomhthosaíocht straitéiseach le baint amach, mar a shainaithin an Chomhairle Eorpach, agus **an mheastóireacht théamach ar fhilleadh níos éifeachtaí** á cur chun feidhme. Le glacadh na tuarascála i mí na Nollag 2024, réitíodh an bealach le haghaidh feabhsuithe coincréiteacha ar chórais um fhilleadh, agus sainaithníodh easnaimh sa phróiseas um fhilleadh lena gcuirtear srian ar éifeachtacht an chórais, mar aon*

*le dea-chleachtais arna gcur chun feidhme ag roinnt tíortha Schengen lena soláthraítear réitigh ar dhúshláin choiteanna. Cuireadh torthaí na meastóireachta téamaí san áireamh freisin sa togra ón gCoimisiún le haghaidh creat reachtach nua maidir le filleadh, a glacadh an 11 Márta 2025, agus soláthraítear treochlár gníomhaíochta leo go dtí go dtiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm.*

***Ag breathnú chun cinn*** *dúinn sa bhliain thábhachtach seo ina bhfuilimid á cheiliúradh go bhfuil 40 bliain ann ó rinneadh Comhaontú Schengen, rud atá ar cheann de na príomhéachtaí a baineadh amach le lánpháirtiú an Aontais, tá sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen fós lárnach san obair ar an láthair chun struchtúr Schengen a chur chun feidhme. Chun teacht leis an gcreat rialála nua, tabharfar an ceistneoir meastóireachta cothrom le dáta, agus cuirfidh an Coimisiún le déine an fhócais straitéisigh trí raon feidhme na meastóireachta a bheachtú (i ndlúthchomhar leis na comhordaitheoirí náisiúnta tíre) ionas go dtabharfar tús áite do na réimsí a bhfuil an tionchar is mó acu. Ní mór maoirseacht pholaitiúil níos láidre a bheith ag gabháil leis sin, ar a sheal, ós rud é go bhfuil an bonn á bhaint d'fheidhmiú cuí Chomhaontú Schengen fós de bharr easnaimh leanúnacha maidir le rialacha Schengen a chur chun feidhme. Tá gá le gníomhaíocht feabhais nithiúil chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar na heasnaimh sin.*

## 1. Gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin in 2024




***Gníomhaíochtaí meastóireachta in 2024***[1]

Le bliain anuas, rinne saineolaithe ón gCoimisiún agus ó thíortha Schengen araon, le tacaíocht ó bhreathnóirí ó ghníomhaireachtaí, oifigí agus comhlachtaí de chuid an Aontais[2], **clár bliantúil 2024 le haghaidh meastóireachtaí Schengen** a chur chun feidhme. Ba iad na tíortha a ndearnadh meastóireacht orthu an Chróit, an Pholainn, an Ungáir, an tSlóvaic agus an tSeicia. Tar éis na meastóireachtaí sin, ghlac an Coimisiún **tuarascálacha tíre Schengen** i leith na Cróite[3] agus na Polainne[4], chomh maith le tuarascáil mheastóireachta ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh san Ungáir. Tugadh i gcrích freisin meastóireachtaí ar an Danmhairg, ar an Iorua agus ar an tSualainn (a bhí curtha siar mar gheall ar na srianta a d'eascair as paindéim COVID-19).

I bhfianaise na dinimice réigiúnaí a dhéanann difear do na tíortha sin, go háirithe iad siúd atá neamhchosanta ar bhagairtí hibrideacha ón Rúis agus ar an imirce a bheith á húsáid mar arm ag an mBealarúis, ardbhrú imirce agus coireacht trasteorann, tugadh aird shonrach ar na tosaíochtaí seo a leanas:

- rialachas náisiúnta Schengen láidir a bheith ina réamhchoinníoll do thíortha Schengen chun páirt éifeachtach a ghlacadh i gcóras Schengen agus é a chur chun feidhme go hiomlán, trí acmhainneachtaí éifeachtúla polaitiúla agus acmhainneachtaí éifeachtúla riaracháin;

---

1 I gcomhair forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí meastóireachta 2024, féach: Sásra Meastóireachta agus Faireacháin Schengen – An Coimisiún Eorpach.

2 An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex); An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS); Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA); Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA).

3 Meastóireacht Schengen ar an gCróit — Achoimre feidhmiúcháin agus moltaí le fáil ag: Meastóireacht Schengen ar an gCróit.

4 Meastóireacht Schengen ar an bPolainn — Achoimre feidhmiúcháin agus moltaí le fáil ag: Meastóireacht Schengen ar an bPolainn.

- acmhainneachtaí neartaithe bainistithe teorainneacha chun teorainneacha seachtracha a rialú go héifeachtach, i ngnáthchúinsí agus le linn géarchéimeanna araon, lena n-áirítear pleanáil theagmhasach láidir mar aon le lánurraim do chearta bunúsacha faoin mbainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip;

- tionscnaimh shlándála atá oiriúnach dá bhfeidhm le tíortha comharsanachta Schengen, faoina nglactar cur chuige cuimsitheach an bhealaigh iomláin lena leagtar béim ar chomhar réamhghníomhach i measc fórsaí póilíneachta agus ar mhalartú rianúil faisnéise;

- dianseiceálacha a dhéanamh ar choinníollacha a rialaíonn dul isteach i gcríoch tríú tíortha mar chuid de nósanna imeachta maidir le víosaí, agus próisis éifeachtúla a chur chun feidhme chun daoine aonair nach bhfuil údaraithe fanacht i limistéar Schengen a fhilleadh;

- leas a bhaint as córais mhórscála TF chun tacú le gach céim de phróiseas Schengen, lena n-áiritheofar go mbeidh torthaí nithiúla ar a bhfeidhmiúlachtaí feabhsaithe maidir leis an tslándáil a neartú, teorainneacha seachtracha a bhainistiú agus malartú faisnéise a éascú, agus ceanglais maidir le cosaint sonraí á n-urramú an tráth céanna.

**Príomhchonclúidí ó mheastóireachtaí tíre 2024**

Ar an iomlán, cuireadh i dtábhacht i meastóireachtaí tíre 2024 an tábhacht níos mó agus níos mó a bhaineann le struchtúr Schengen maidir le dul i ngleic leis na príomhdhúshláin atá le sárú ag tíortha Schengen agus ag an Aontas, lena n-áirítear brú níos mó ag teorainneacha seachtracha, slándáil inmheánach a bhainistiú i bhfianaise bagairtí atá ag teacht chun cinn agus próisis a chuíchóiriú i gcoitinne. Bhí sé sin le feiceáil go háirithe sna tíortha a ndearnadh meastóireacht orthu, go háirithe iad siúd feadh theorainn thoir an Aontais, a bhfuil dinimic réigiúnach chomhchosúil acu.

Cé go bhfuil dul chun cinn nach beag déanta ag roinnt de na tíortha a ndearnadh meastóireacht orthu maidir le rialacha Schengen a chur chun feidhme, mar shampla a mhéid a bhaineann le faireachas feabhsaithe ar theorainneacha talún agus comhar póilíneachta níos gníomhaí, tá dúshláin fós le sárú ag tíortha eile maidir le hardchaighdeáin Schengen a chomhlíonadh ina n-iomláine. Is minic a eascraíonn leochaileachtaí as acmhainní speisialaithe neamhleora, as mí-ailíniú idir tosaíochtaí straitéiseacha agus tosaíochtaí oibríochtúla, agus as úsáid neamhleor na n-uirlisí teicniúla agus dlíthiúla atá ann cheana chun bagairtí slándála trasteorann atá ag athrú go tapa a shainaithint agus chun dul i ngleic leo.

Cuirtear i dtábhacht arís i meastóireachtaí 2024 an géarghá atá le tús áite a thabhairt, ar an leibhéal polaitiúil, an leibhéal straitéiseach agus an leibhéal oibríochtúil, do bheartais, próisis agus uirlisí Schengen chun cur chun feidhme éifeachtach ar an láthair a áirithiú, rud a chuirfidh le dea-fheidhmiú limistéar Schengen.

I mí Feabhra 2024, thug an Coimisiún **cuairt gan réamhfhógra** ar chonsalachtaí na Gearmáine, na Polainne agus na Spáinne in Mumbai na hIndia chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhbheartas víosaí. Ba é an cuspóir a bhí ann measúnú a dhéanamh ar leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith sa phríomh-mhol iontrála réamh-Schengen sin, atá ar cheann de na háiteanna ina n-eisítear an líon is airde víosaí gearrfhanachta, agus a bhfuil an t-éileamh air seasta ag dul i méid. Leis an meastóireacht, bhíothas in ann measúnú a dhéanamh ar chuid de na gearáin a fhaigheann an Coimisiún go tráthrialta faoi agaí feithimh iomarcacha le haghaidh coinní, rud ar féidir, i measc nithe eile, siopadóireacht víosaí a bheith ina toradh air. Sa chomhthéacs sin, rinne an fhoireann meastóireachta measúnú ar an gcomhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha agus ar shaincheisteanna a bhaineann le tíortha sonracha (e.g. i gcás na Gearmáine, lárú oibríochtaí in Mumbai). Thángthas ar an gconclúid de bharr na meastóireachta gan réamhfhógra nach raibh aon easnamh tromchúiseach ann maidir leis an gcur i bhfeidhm a rinne na trí thír Schengen ar na ceanglais víosa ina gconsalachtaí faoi seach agus go raibh bunús maith, tríd is tríd, le cinntí maidir le hiarratais ar víosa. I measc na saincheisteanna a thagann i gceist arís agus arís eile agus a bhfuil aird agus feabhsuithe fós ag teastáil ina leith tá comhar le soláthraithe seirbhíse seachtracha agus úsáid córas TF lena dtacaítear le nósanna imeachta víosaí.

***<u>Gníomhaíochtaí faireacháin in 2024</u>***

Tá faireachán leanúnach i gcroílár na n-iarrachtaí rialachais chun dúshláin a shainaithint agus chun freagairt dóibh ionas go mbainfear amach fíorthorthaí intomhaiste. Dá bhrí sin, braitheann an rath atá ar shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen – agus, dá réir sin, cobhsaíocht Schengen féin – ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart feabhais a mholtar. Cuirtear na bearta in oiriúint don staid shonrach i ngach tír Schengen agus ceaptar iad chun cur i bhfeidhm rialacha Schengen a fheabhsú agus lena áirithiú go rannchuideoidh gach Ballstát go dearfach le saoirse agus slándáil chomhchoiteann.

Agus iarrachtaí á ndéanamh aige gné faireacháin mheastóireachtaí Schengen a neartú, tá dlús curtha ag an gCoimisiún leis an ngrinnscrúdú ar na **tuarascálacha leantacha** a chuireann tíortha Schengen isteach chun aon bhearnaí agus moilleanna maidir le cur chun feidhme a shainaithint go pras. Cé go bhfuil an tuairisciú a dhéanann tíortha Schengen níos comhsheasmhaí agus níos tráthrialta de bharr Scórchlár Schengen, ní mór fós na tuarascálacha leantacha a chur isteach in am. In 2024, bhí moill ar sheacht dtír Schengen maidir lena dtuarascálacha leantacha a chur isteach. Ní mór iarrachtaí a dhíriú freisin ar cháilíocht an tuairiscithe a fheabhsú lena áirithiú gur faisnéis ábhartha í an fhaisnéis a sholáthraítear. Ar an gcaoi sin, cuirfear ar a chumas don Choimisiún a ról faireacháin a chomhlíonadh go héifeachtach agus a áirithiú go mbeidh plé fóinteach ann, as a dtiocfaidh réitigh nithiúla, agus dul chun cinn agus bearnaí atá fós ann á sainaithint an tráth céanna.

Mar chuid de na hiarrachtaí faireacháin feabhsaithe, rinne an Coimisiún cuairteanna faireacháin spriocdhírithe, lena n-áirítear athchuairt amháin chun measúnú a dhéanamh ar easnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh roimhe sin agus trí chuairt fíorúcháin chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le pleananna gníomhaíochta a chur chun feidhme.

**Athchuairt in 2024**

- **An Ghréig** (mí na Samhna 2024). I bhfianaise na n-easnamh tromchúiseach a sainaithníodh in 2021 maidir le próisis agus coimircí i ndáil le filleadh i gcás náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart dlíthiúil fanachta acu, ba é ab aidhm don chuairt measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart feabhais. Ó tharla gur teoranta an dul chun cinn a bhí déanta ag an nGréig, tháinig an fhoireann meastóireachta ar an gconclúid go raibh na heasnaimh thromchúiseacha fós ann.

**Cuairteanna fíorúcháin in 2024**

- **An Ghréig** – bainistiú na dteorainneacha seachtracha (Meán Fómhair 2024). Ba é ba chúis leis an gcuairt sin an dul chun cinn teoranta a thuairiscigh an Ghréig tar éis na meastóireachta in 2021. Cuireadh i dtábhacht de dheasca na cuairte an dul chun cinn beag ar an leibhéal straitéiseach agus ag na teorainneacha talún, rud a d'fhág go raibh bearta feabhais práinneacha de dhíth.

- **An Danmhairg** – bainistiú na dteorainneacha seachtracha (mí na Nollag 2024). Ba é an cuspóir a bhí ann meastóireacht a dhéanamh ar na forbairtí a thuairiscigh údaráis na Danmhairge maidir le rialachas agus comhordú foriomlán an bhainistithe teorainneacha a neartú. Deimhníodh de bharr na cuairte go ndearnadh feabhsuithe nach beag; tá gá le tuilleadh iarrachtaí, áfach, chun dlús a chur le cur chun feidhme iomlán an struchtúir atreisithe rialachais teorann, le tacaíocht ó straitéis chuimsitheach acmhainní daonna ina mbeidh dóthain foirne agus oiliúint chuí.

- **Éire** – an tslándáil inmheánach mar obair leantach i ndáil leis an meastóireacht chéaduaire atá ar siúl faoi láthair (mí na Samhna 2024). Deimhníodh de bharr na cuairte go ndearnadh dul chun cinn nach beag chun slándáil inmheánach an Aontais a threisiú trí Chóras Faisnéise Schengen a chur chun feidhme, lena n-áirítear na feidhmiúlachtaí nua; bhí na feabhsuithe ar an gcomhar póilíneachta fós teoranta, áfach. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun obair a chur chun cinn faoin meastóireacht chéaduaire Schengen, rud a thairbheodh de rialachas Schengen níos láidre chun cur chun feidhme tapa na mbeart feabhais a áirithiú.

Faoi láthair, tá easnaimh thromchúiseacha fós ag baint le trí thír Schengen maidir le rialacha Schengen a chur chun feidhme[5]. Tá dlúthobair leantach á déanamh ag Comhordaitheoir Schengen leis na húdaráis náisiúnta ábhartha agus tá faireachán gníomhach á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an gcás.

Tar éis na measúnuithe is déanaí ar thuarascálacha leantacha arna gcur isteach ag na Ballstáit, **dúnann an Coimisiún leis seo pleananna gníomhaíochta**[6] Lichtinstéin i réimsí Chóras


[5] An Ghréig, an Fhrainc agus an Ungáir.

[6] I gcás na bpleananna gníomhaíochta nár dúnadh go fóill roimh mheastóireachtaí tréimhsiúla 2024 ar an tSeicia, ar an Ungáir agus ar an tSlóvaic, dúnfar iad trí thuarascálacha tíre Schengen atá le glacadh in 2025.

Faisnéise Schengen[7] agus an chomhair póilíneachta,[8]agus plean gníomhaíochta na Slóivéine[9] a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas cosanta sonraí agus bonneagar Schengen á chur chun feidhme aici, i gcomhréir le hAirteagal 21(3) de Rialachán Meastóireachta Schengen. I bhfianaise thorthaí na ngníomhaíochtaí meastóireachta a rinneadh in 2024, **dhún an Coimisiún go teicniúil** pleananna gníomhaíochta na Polainne a bhí fós ar oscailt tráth na meastóireachta[10].

## 2. Scórchlár Schengen 2024

Le linn chruinniú Chomhairle Schengen i mí na Nollag 2024, sholáthair an Coimisiún Scórchlár Schengen 2024 d'airí limistéar Schengen. Bhí tosaíochtaí straitéiseacha saincheaptha ag gabháil leis an Scórchlár, lenar cuireadh i dtábhacht an dul chun cinn a rinneadh agus lenar áitíodh iarrachtaí níos mó a dhéanamh i bpríomhréimsí.





*Scórchlár Schengen 2024 (comhiomlánú): staid fhoriomlán an chur chun feidhme de réir gné shonrach*

Léiríodh in anailís ar na gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin a rinneadh in 2024 go ndearnadh dul chun cinn i roinnt réimsí tábhachtacha, agus go bhfuil dul chun cinn tapa á dhéanamh ag roinnt tíortha Schengen maidir lena bpleananna gníomhaíochta faoi seach a chur chun feidhme. Maidir le beartas víosaí Schengen, mar shampla, thuairiscigh roinnt tíortha feabhsuithe cothrománacha maidir le haghaidh a thabhairt ar easnaimh i gcleachtais soláthraithe seirbhíse seachtracha. Tá dul chun cinn mór déanta ag an Iorua agus ag an tSualainn, go háirithe, in ainneoin meastóireacht a bheith déanta orthu i réimse na víosaí in 2024, agus tá a bpleananna gníomhaíochta beagnach tugtha i gcrích acu. Ar an gcaoi chéanna, tá iarrachtaí móra déanta ag an gCipir chun na bearta feabhais is gá a chur chun feidhme, agus rinneadh feabhsuithe nach beag ar an bpróiseas um fhilleadh agus ar Chóras Faisnéise Schengen. I gcás na meastóireachtaí ar an bPolainn agus ar an Ungáir, cé gur eascair moltaí nua astu, cuireadh i dtábhacht leo freisin an dul chun cinn mór a rinneadh maidir leis na bearta feabhais ón timthriall meastóireachta roimhe seo a chur chun feidhme.

Deimhníodh le Scórchlár Schengen 2024, áfach, treocht leanúnach a tugadh faoi deara le blianta beaga anuas, is é sin **luas míchothrom maidir le cur chun feidhme** na moltaí ar an leibhéal náisiúnta tar éis meastóireacht Schengen. Cé go soláthraíonn Scórchlár Schengen

[7] Dúnadh é an 16.10.2024.
[8] Dúnadh é an 1.10.2024.
[9] Dúnadh é an 8.11.2024.
[10] C(2024) 8110 final an 17.12.2024.

léargas ar an stádas cur chun feidhme ag am ar leith[11], tá leibhéil dul chun cinn atá an-éagsúil le sonrú i leith tíortha Schengen a ndearnadh meastóireacht orthu sa bhliain chéanna, agus a bhfuil coinne leis, dá bhrí sin, go mbeidís ag céimeanna comhchosúla i dtaobh cur chun feidhme. Mar shampla, cé go bhfuil na moltaí uile beagnach curtha chun feidhme ag dhá cheann de na tíortha Schengen a bhfuil meastóireacht á déanamh orthu in 2025, ní amhlaidh atá i gcás an tríú tír.




*An staid atá ann maidir le moltaí meastóireachta Schengen a chur chun feidhme mar atá i mí Aibreáin 2025*

Thairis sin, tá líon nach beag **easnaimh sheanbhunaithe** fós ann i roinnt tíortha Schengen blianta tar éis na meastóireachtaí orthu; baineann go leor de na heasnaimh sin le gnéithe lárnacha de chreat Schengen. Leis sin, baintear an bonn d'éifeachtacht shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen i dtaobh tacú go hiomlán le feidhmiú, slándáil agus sláine limistéar Schengen. Dá dheasca sin, cothaítear, ina sheal, leochaileachtaí criticiúla a bhféadfadh drochthionchar nach beag a bheith acu ar fheidhmiú foriomlán Schengen mura dtabharfar aghaidh orthu go tapa.

Tá gné chothrománach a éilíonn **gníomhaíocht feabhais phráinneach** i gceist le cur chun feidhme na gcóras mórscála TF is bonn le struchtúr Schengen – leochaileacht a bhfuil impleachtaí forleathana slándála aici maidir le bainistiú teorainneacha, imirce agus forfheidhmiú an dlí. Aithníodh gur easnamh mór é sin i gcás leath na dtíortha a ndearnadh meastóireacht orthu, ar a laghad. D'ainneoin fheidhmiúlachtaí feabhsaithe Chóras Faisnéise Schengen – a ceapadh chun an tslándáil a threisiú agus chun nósanna imeachta a chuíchóiriú – tá a n-acmhainneacht iomlán fós le baint amach, ós rud é nach bhfuil tíortha Schengen ag baint úsáid as an gcóras de réir na gcaighdeán agus na gcumas is gá. Mar shampla, tá cúig thír ann nach n-eisíonn foláirimh fós maidir le daoine leochaileacha, amhail leanaí atá i mbaol a

[11] I gcomhréir leis an modheolaíocht le haghaidh Scórchlár Schengen, ní áirítear i Scórchlár Schengen 2024 scóir le haghaidh na Seicia, na hUngáire, na Polainne ná na Slóvaice, toisc nár glacadh go fóill na tuarascálacha tíre ina bhfuil na moltaí faoi seach tar éis mheastóireachtaí tréimhsiúla 2024. Níor cuireadh an Bhulgáir ná an Rómáin san áireamh ach oiread, ós rud é nach ndéanfar an chéad mheastóireacht thréimhsiúil orthu go dtí an dara leath de 2025. I gcás tíortha Schengen a ndearnadh meastóireacht orthu le déanaí in 2023 agus go luath in 2024 (i.e. an Chróit, an Eastóin, an Fhionlainn, an Laitvia agus an Liotuáin), ní raibh an deis acu go fóill a bpleananna gníomhaíochta a chur isteach, lena n-áirítear na bearta feabhais a bheartaítear a dhéanamh, ná a gcéad tuarascálacha leantacha a chur isteach, ós rud é nach bhfuil na sprioc-amanna dulta in éag go fóill.

bhfuadaithe, agus tá tír amháin freagrach as 75 % de na foláirimh sin a eisiúint. Níor chruthaigh ach 16 thír foláirimh le haghaidh seiceálacha fiosrúcháin, rud a fhágann go bhfuil bearnaí criticiúla sa chóras: fágann na seiceálacha sin gur féidir faisnéis a fháil faoi dhaoine nó faoi ábhair ghaolmhara chun cionta coiriúla a ionchúiseamh agus chun bagairtí ar an tslándáil phoiblí nó ar an tslándáil náisiúnta a chosc. Déanann na bearnaí sin difear do shlándáil Schengen ina iomláine.

An tráth céanna, níl tíortha Schengen ag cur sonraí riachtanacha isteach sa chóras ar bhealach leordhóthanach, fiú nuair atá faisnéis den sórt sin ar fáil go héasca ar an leibhéal náisiúnta. Ag tús 2025, bhí thart ar 1.7 milliún foláireamh ann maidir le daoine aonair, nach raibh grianghraif san áireamh ach i thart ar 900 000 (52 %) díobh agus nach raibh méarloirg san áireamh ach i thart ar 600 000 (35 %) díobh. Fágann na bearnaí móra sin go gcuirtear isteach go mór ar chumas tíortha daoine aonair a shainaithint, go háirithe daoine a bhfuil bagairtí slándála ag baint leo. Thairis sin, bíonn amanna ann nuair is gá do na Ballstáit feabhas a chur ar roinnt ceanglas maidir le cosaint sonraí a bhaineann leis na córais mhórscála TF agus feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar na ceanglais sin. Ní riachtanas teicniúil amháin é aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin, ach is bunriachtanas é chun sláine agus slándáil limistéar Schengen a chosaint.

Iarrann an Coimisiún ar thíortha uile Schengen obair leantach éifeachtach a dhéanamh ar thorthaí Scórchláir Schengen 2024 agus teagmháil ghníomhach a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, le Comhordaitheoir Schengen. I gcás ina mbíonn **impleachtaí airgeadais** ag moltaí do thíortha Schengen, iarrann an Coimisiún ar na tíortha sin tosaíocht a thabhairt dá gcur chun feidhme faoi chláir náisiúnta chistí an Aontais[12]. Cé go bhfuil acmhainní móra airgeadais ar fáil, is minic nach ndírítear cistiú ón Aontas ar na háiteanna is mó a bhfuil gá leis. Ní mór naisc níos láidre a dhéanamh idir moltaí ó mheastóireachtaí Schengen, measúnuithe leochaileachta agus cistiú faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil nua.

## 3. Meastóireachtaí téamacha Schengen le haghaidh 2024

Is deis ar leith iad meastóireachtaí téamacha Schengen chun measúnú a dhéanamh ar staid chur chun feidhme rialacha Schengen ar fud thíortha Schengen ag pointe sonrach ama agus chun cleachtais a chur i gcomparáid lena chéile i measc na dtíortha a bhfuil dúshláin chomhchosúla le sárú acu.

### ***<u>Meastóireacht théamach ar fhilleadh níos éifeachtaí</u>***

Le bliain anuas, d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí gníomhaíocht dhiongbháilte ar gach leibhéal chun **filleadh ón Aontas Eorpach a éascú, a mhéadú agus chun dlús a chur leis**, trí úsáid a bhaint as beartais, ionstraimí agus uirlisí ábhartha uile an Aontais. Le cur chun feidhme níos éifeachtaí na reachtaíochta atá ann faoi láthair maidir le filleadh, mar aon le tuilleadh oibre

[12] An Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha – an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus an Ciste Slándála Inmheánaí.

ar chur chuige comhchoiteann maidir le filleadh, tacaítear freisin leis an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a chur chun feidhme ar bhealach níos tapa agus níos éifeachtúla.

Mar fhreagairt ar an nglao sin ar ghníomhaíocht, rinneadh **meastóireacht théamach Schengen maidir le filleadh níos éifeachtaí** agus tugadh chun críche í in 2024. Glacadh an tuarascáil i mí na Nollag 2024 agus áirítear inti anailís thrasearnálach ar na hionstraimí atá ann faoi láthair lenar féidir rannchuidiú leis an sprioc sin, lena n-áirítear an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach, an Treoir um Fhilleadh, Cód Teorainneacha Schengen agus Córas Faisnéise Schengen.

Ar an bhfoireann meastóireachta bhí 15 shaineolaí ó thíortha Schengen, beirt saineolaithe ón gCoimisiún, breathnóir amháin ó Frontex, agus breathnóir amháin ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha. Bhí an fhoireann ag obair ar feadh 2024 chun anailís chríochnúil a dhéanamh agus thug sí cuairteanna ar an Iodáil, ar an Iorua agus ar an Ísiltír chun meastóireacht a dhéanamh ar chleachtais nárbh fhéidir, mar gheall ar a gcineál sonrach, a chianmheasúnú go héifeachtach.

Cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht castacht na bpróiseas um fhilleadh, a bhfuil feidhm acu maidir le réimse éagsúil náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear:

- daoine a thagann isteach i limistéar Schengen go dleathach ach a fhanann níos faide ná mar a leagtar síos lena gcead nó níos faide ná a dtréimhse fanachta dlíthiúla (e.g. náisiúnaigh gan víosa);
- daoine a thagann isteach go neamhdhleathach agus a ghabhtar ag na teorainneacha seachtracha; agus
- daoine a ghabhtar laistigh de chríoch tíre Schengen mar gheall ar fhanacht neamhdhleathach tar éis dóibh teacht isteach go dleathach nó go neamhdhleathach.

Dá réir sin, tá bearta éifeachtacha um fhilleadh i measc na n-uirlisí is inbhuanaithe chun an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chosaint gan teorainneacha inmheánacha.

I bhfianaise líon na bpáirtithe leasmhara, na bpróiseas agus na sásraí éagsúla atá i gceist, leagadh béim i dtuarascáil théamach mheastóireachta Schengen ar a thábhachtaí atá an filleadh mar chuid lárnach den bhainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip. Chun an méid sin a bhaint amach, baineann ríthábhacht le comhar éifeachtach idirghníomhaireachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, mar aon le leibhéal leordhóthanach ullmhachta agus malartú faisnéise níos fearr. Tá gá leis sin le haghaidh cinnteoireacht éifeachtúil a bhfuil bonn eolais fúithi agus chun cinntí um fhilleadh a fhorfheidhmiú. Is féidir an méid sin uile a éascú trí Chóras Faisnéise Schengen. Sainaithnítear sa tuarascáil dúshláin choiteanna a bhaineann le príomhchéimeanna den phróiseas um fhilleadh, lena n-áirítear tionscnamh an phróisis, náisiúnaigh tríú tír a shainaithint, filleadh deonach agus filleadh éigeantach, chomh maith leis na struchtúir agus na sásraí comhair lena dtacaítear leis na próisis sin.

Ar bhonn na tuarascála meastóireachta, ghlac an Chomhairle moltaí chun dul i ngleic leis na dúshláin choiteanna a sainaithníodh[13]. Sainaithnítear sa tuarascáil mheastóireachta freisin dea-chleachtais ó roinnt tíortha Schengen ar féidir leo cabhrú le bearta feabhais a chur chun feidhme.

Cuireadh torthaí na meastóireachta téamaí san áireamh sa togra le haghaidh cur chuige coiteann nua maidir le fillteacha, mar a thíolaic an Coimisiún i mí an Mhárta 2025[14]. Is treochlár iad chun feabhas a chur ar na córais náisiúnta um fhilleadh go dtí go mbeidh an creat reachtach nua i bhfeidhm go hiomlán.

***<u>Obair leantach ar an meastóireacht théamach ar Bhainistiú Comhtháite Teorainneacha san Eoraip (EIBM)</u>***

Is príomhchuspóir de chuid an Aontais é bainistiú comhtháite teorainneacha, mar a bunaíodh le hAirteagal 77(2)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is é is aidhm dó trasnuithe teorann a éascú agus ardleibhéal aonfhoirmeach rialaithe teorann a áirithiú ag teorainneacha seachtracha an Aontais, rud a chuirfidh le slándáil inmheánach an Aontais agus le bainistiú éifeachtúil imirce, agus cearta bunúsacha á n-urramú an tráth céanna. Tá sé bunaithe ar an tsamhail rialaithe rochtana ceithre chiseal, lena gcuimsítear bearta a dhéantar i dtríú tíortha, amhail cinn a dhéantar faoi chuimsiú an chomhbheartais víosaí, bearta a dhéantar le tríú tíortha comharsanachta, bearta um rialú ag teorainneacha a dhéantar ag na teorainneacha seachtracha, anailís riosca agus bearta a dhéantar laistigh de limistéar Schengen agus bearta um fhilleadh.

Rinneadh meastóireacht théamach ar straitéisí náisiúnta thíortha Schengen maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha in 2019-2020. Tar éis na meastóireachta téamaí, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht théamach 2019-2020 ar straitéisí náisiúnta na mBallstát maidir le bainistiú comhtháite teorainneacha[15]. Sainaithníodh sa Mholadh na gnéithe is tábhachtaí nach mór do thíortha a chur san áireamh agus a straitéisí náisiúnta á n-athbhreithniú acu.

Sa dara leath de 2024, d'fhéach an Coimisiún agus saineolaithe thíortha Schengen[16], in éineacht le breathnóir ó Frontex, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí sin. D'fhéach siad ar a mhéid a rinneadh na straitéisí náisiúnta athbhreithnithe a ailíniú le tosaíochtaí beartais an Aontais, agus iad ag díriú ar shásraí rialachais, ar phleanáil acmhainní agus ar chuspóirí straitéiseacha. Trí úsáid a bhaint as 140

---

13 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 6.3.2025 lena leagtar amach moltaí lena dtugtar aghaidh ar réimsí coiteanna le haghaidh feabhais a sainaithníodh mar thoradh ar mheastóireacht théamach Schengen 2024 'Bearnaí náisiúnta a dhúnadh: i dtreo córas éifeachtach AE um fhilleadh trí réitigh choiteanna agus trí chleachtais nuálacha'.


14 Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle. COM(2025) 101 final.

15 Doiciméad 6755/21 ón gComhairle an 8 Márta 2021.

16 An Bheilg, an Ghearmáin, an Ghréig, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an Ísiltír, an Phortaingéil agus an Rómáin, faoi stiúir na hIorua.

táscaire, rinneadh measúnú sa mheastóireacht ar a mhéid a cuireadh moltaí ón meastóireacht roimhe sin chun feidhme agus sainaithníodh réimsí nár mhór aird bhreise a thabhairt orthu fós.

Is príomhuirlis í an anailís chuimsitheach sin chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus éifeachtacht oibríochtúil rialachas Schengen agus chun cur chun feidhme an bhainistithe chomhtháite teorainneacha san Eoraip a neartú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.




*Toradh an mheasúnaithe*

Léiríonn na torthaí feabhsuithe nach beag, agus is comhartha é sin go bhfuil tíortha an-tiomanta do dhul chun cinn a dhéanamh i gcomhréir leis an timthriall beartais straitéisigh ilbhliantúil Eorpach. Áirítear ar na príomhfheabhsuithe ó rinneadh meastóireacht 2019-2020 sásraí rialachais níos láidre ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon, cur chuige rioscabhunaithe níos comhleanúnaí maidir le rialú teorann, agus pleanáil straitéiseach níos fearr le haghaidh acmhainní airgeadais. Go háirithe, tá gné an fhillte tagtha chun bheith ina cuid lárnach de straitéisí náisiúnta, rud a fhágann go a dtreisítear an cur chuige comhtháite trí bhainistiú imirce a chomhtháthú freisin, cé go bhfuil gá fós le tuilleadh comhchuibhithe. Céim mhór eile chun tosaigh is ea an bhéim fheabhsaithe ar an tslándáil inmheánach, rud atá ina cholún lárnach de bhainistiú comhtháite teorainneacha ar fud thíortha Schengen anois.

Tá bearnaí fós ann, áfach. Is minic nach mbíonn straitéisí náisiúnta ag teacht le pleanáil acmhainneachta, go háirithe maidir le hacmhainní daonna, oiliúint agus infheistíocht i mbonneagar agus i dtrealamh. Ina theannta sin, tá an comhar idirghníomhaireachta fós ilroinnte, rud a chuireann teorainn le héifeachtacht na struchtúr rialachais. Leis na heasnaimh leanúnacha sin, a sainaithníodh cheana sa mheastóireacht roimhe seo, cuirtear i dtábhacht an gá atá le tuilleadh comhtháthú agus le comhordú straitéiseach chun córas Eorpach um bainistiú comhtháite teorainneacha atá fíor-aontaithe agus athléimneach a áirithiú.

***Obair leantach ar an meastóireacht théamach ar gháinneáil ar dhrugaí isteach i limistéar Schengen***

I bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar gháinneáil ar dhrugaí isteach san Aontas, mar is léir ó urghabhálacha cócaoin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo[17], rinneadh meastóireacht théamach ó mhí Feabhra go mí na Samhna 2023 chun dea-chleachtais a shainaithint i dtaobh na gcumas náisiúnta atá ag tíortha maidir le gáinneáil ar dhrugaí isteach san Aontas a chomhrac. Mar thoradh air sin, i mí an Mhárta 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme[18] lena leagtar amach moladh maidir le cur chun feidhme na ndea-chleachtas a sainaithníodh i meastóireacht théamach Schengen 2023.

Ós rud é gurbh é príomhaidhm na meastóireachta téamaí Schengen sin dea-chleachtais a shainaithint, spreagadh tíortha Schengen chun measúnú a dhéanamh ar an mbreisluach agus ar an bhféidearthacht a bhaineann leis na cleachtais sin a chuimsiú ina gcreataí náisiúnta, agus dul i gcomhairle, i gcás inarb ábhartha, le tíortha a chuir chun feidhme cheana iad.

As na 27 mBallstát agus na tíortha comhlachaithe a ndearnadh meastóireacht orthu, chuir gach tír seachas tír amháin pleananna gníomhaíochta faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle. Fuair an Coimisiún pleananna gníomhaíochta ón mBeilg, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Eilvéis, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Íoslainn, an Iorua, an Ísiltír, an Laitvia, Lichtinstéin, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir.

In 2024 rinne an Coimisiún athbhreithniú[19] ar na pleananna gníomhaíochta a cuireadh isteach chun seiceáil ar cuireadh chun feidhme an moladh ón gComhairle lena gceanglaítear ar thíortha anailís agus breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ndea-chleachtas a sainaithníodh le linn na meastóireachta téamaí ina gcórais náisiúnta faoi seach.

Bunaithe ar na pleananna gníomhaíochta a cuireadh isteach, is iad na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu an líon is mó dea-chleachtas a chur chun feidhme, nó a bhfuil siad curtha chun feidhme acu cheana, an Bheilg, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, an Ghréig, an Ísiltír, Málta, an Ostair agus an tSeicia. Thairis sin, is i ndáil le dea-chleachtais maidir le sreafaí aindleathacha drugaí a mhapáil a léirítear an ráta iomlán cur chun feidhme is airde, rud a léiríonn tiomantas láidir comhchoiteann agus dul chun cinn mór maidir le sreafaí aindleathacha drugaí chuig limistéar Schengen a shainaithint. Os a choinne sin, léirítear ráta cur chun feidhme foriomlán an-íseal i ndáil le dea-chleachtais chun bacainní a chruthú agus cur le hathléimneacht na mol lóistíochta, rud a chuireann i dtábhacht na dúshláin mhóra a d'fhéadfadh eascairt as teorainneacha ar acmhainní, castachtaí oibríochtúla, nó tosaíochtaí náisiúnta éagsúla. Is cúis imní go háirithe é nach bhfuil dul chun cinn mór déanta sa réimse sin i bhfianaise thábhacht straitéiseach na mol lóistíochta, ar pointí criticiúla leochaileachta iad sa chomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhrugaí. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, beidh gá le comhordú níos

[17] An ceathrú forléargas cuimsitheach ar mhargaí drugaí aindleathacha san Aontas Eorpach, arna dhéanamh ag Europol agus ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA -ar tugadh Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) air ó mhí Iúil 2024 ar aghaidh).

[18] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Márta 2024 lena leagtar amach moladh maidir le cur chun feidhme na ndea-chleachtas a sainaithníodh i meastóireacht théamach Schengen 2023 ar chumais na mBallstát i réimsí an chomhair póilíneachta, chosaint na dteorainneacha seachtracha, agus bainistiú córas TF chun gáinneáil ar dhrugaí san Aontas a chomhrac.

[19] I gcomhréir le hAirteagal 21(2), an chéad fhomhír de Rialachán (AE) 2022/922.

fearr, cistiú spriocdhírithe, agus tuilleadh tacaíocht theicniúil do thíortha atá ag streachailt sa réimse sin.

Ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear sna pleananna gníomhaíochta, **measann an Coimisiún go bhfuil na pleananna gníomhaíochta uile a cuireadh isteach dúnta**, cé is moite d'eisceacht amháin. Leanfar d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme dea-chleachtas trí mheastóireachtaí tréimhsiúla Schengen, i gcomhréir leis an gclár meastóireachta ilbhliantúil agus mar a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

## 4. An staid ag na teorainneacha inmheánacha

An 1 Eanáir 2025, cuireadh deireadh le rialú teorann inmheánaí ag na teorainneacha talún inmheánacha leis an Rómáin agus leis an mBulgáir, rud a d'fhág nach raibh ach Ballstát amháin den Aontas, an Chipir, ag fanacht le deireadh a chur le rialuithe teorann inmheánaí.

An 10 Iúil 2024, tháinig Cód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe[20] i bhfeidhm, ina leagtar amach creat nua chun rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú, creat a bhfuil spriocdhátaí athbhreithnithe agus ceanglais níos láidre maidir le faireachán agus tuairisciú i gceist leis. Ar bhonn na rialacha nua sin, ghlac an Coimisiún cinntí cur chun feidhme lena gcruthaítear teimpléad do thíortha chun fógra a thabhairt maidir le rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú, mar aon le formáid aonfhoirmeach chun tuairisciú a dhéanamh ar athbhunú nó fadú an rialaithe ag teorainneacha inmheánacha[21].

Ó tháinig Cód Teorainneacha Schengen leasaithe i bhfeidhm, **tá rialú teorann athbhunaithe ag 10 dtír Schengen ag a dteorainneacha inmheánacha**[22]. Bhí rialuithe teorann i bhfeidhm cheana ag sé Bhallstát (i.e. an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iorua, an Ostair agus an tSualainn) ar feadh tréimhsí fada roimh theacht i bhfeidhm Chód Teorainneacha Schengen leasaithe. Ina dhiaidh sin, leathnaigh an Ghearmáin raon feidhme geografach na rialuithe sin chun a teorainneacha inmheánacha uile a chumhdach. Thug an Ísiltír fógra den chéad uair maidir le rialú teorann a athbhunú ag a teorainneacha talún agus aeir uile. Rinne an Bhulgáir rialú ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú go sealadach ag a teorainneacha talún, mar bheart coisctheach, nuair a cuireadh deireadh leis na rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha.

---

20 Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 lena mbunaítear Cód Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen).

21 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/315 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear teimpléad chun fógra a thabhairt maidir le rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú ar bhonn sealadach. C/2025/902; Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/308 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2025 lena mbunaítear formáid aonfhoirmeach le haghaidh na tuarascála ar rialú teorann ag teorainneacha inmheánacha a athbhunú nó a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. C/2025/905.

22 I gcomhair forbhreathnú, féach: Rialú Teorann a Athbhunú ar Bhonn Sealadach – An Coimisiún Eorpach.

Cuireann an Coimisiún na spriocdhátaí nua agus na hoibleagáidí tuairiscithe nua i bhfeidhm maidir le gach athbhunú agus gach fadú ar tugadh fógra ina leith ó tháinig an Cód leasaithe i bhfeidhm.

Mar chuid dá idirphlé leanúnach maidir le rialú ag teorainneacha inmheánacha, bhí an Coimisiún i ndlúth-theagmháil leis na tíortha a d'athbhunaigh rialú ag teorainneacha inmheánacha, chomh maith le tíortha a ndéanann athbhunú na mbeart sin difear dóibh. Leis an bplé sin, cothaíodh malartú faisnéise idir an tír lena mbaineann agus an Coimisiún, agus idir an Coimisiún agus tíortha Schengen chomh maith. Chuir an Coimisiún i dtábhacht go bhfuil sé d'oibleagáid ar thíortha bearta maolaitheacha a ghlacadh chun teorainn a chur, a mhéid is féidir, le tionchar rialaithe teorann ar thaisteal trasteorann, ar oibríochtaí lasta[23] agus ar fheidhmiú na réigiún trasteorann. Díríodh sa phlé freisin ar an dul chun cinn leanúnach maidir le hobair leantach a dhéanamh ar na Moltaí ón gCoimisiún ó mhí na Samhna 2023 maidir le bearta malartacha chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí tromchúiseacha ar an mbeartas poiblí agus ar an tslándáil náisiúnta[24].

An tráth céanna, faoi na meastóireachtaí Schengen a rinneadh in 2024 tugadh cuairt ar lárionaid comhair póilíneachta agus custaim agus ar stáisiúin phóilíneachta sna réigiúin teorann inmheánaí. Ba é ab aidhm do na cuairteanna sin a fhíorú an áirithítear le struchtúir agus nósanna imeachta malartú tráthúil faisnéise agus oibríochtaí comhpháirteacha éifeachtacha, lena dtugtar aghaidh ar choireacht trasteorann, ar imirce neamhrialta agus ar bhagairtí ar an tsábháilteacht phoiblí. Ba é cuspóir foriomlán na measúnuithe sin (a) comhroinnt éifeachtúil faisnéise agus comhar oibríochtúil a áirithiú i measc údaráis forfheidhmithe dlí, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an tslándáil inmheánach, agus (b) réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le feabhas nó gníomhaíochtaí ceartaitheacha. Léiríodh leis na gníomhaíochtaí faireacháin agus leis an bplé sin cineál neamhchórasach na seiceálacha.

Tá an Coimisiún ag obair freisin lena áirithiú nach ndéanfaidh athbhunú rialuithe teorann inmheánaí difear ar leith d'aon tír Schengen ná d'aon réigiún trasteorann, go háirithe iad siúd a bhfuil suíomh geografach uathúil acu. Tá bearta ábhartha á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfágann athbhunú an rialaithe ag teorainneacha inmheánacha go gcuirtear isteach go mór ar shaol laethúil daoine aonair agus gnólachtaí.

Tá comhar oibríochtúil idir tíortha Schengen curtha chun cinn ag an gCoimisiún freisin chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla, ar ábhair imní atá ag na Ballstáit i dtaobh na slándála agus na himirce de. Ina theannta sin, chothaigh an Coimisiún forbairt an chomhair réigiúnaigh feadh na mbealaí imirce, agus chuaigh sé i dteagmháil go

---

23 De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le Lánaí Glasa, níor cheart moill iomlán níos mó ná 15 nóiméad san iomlán a bheith ar fheithiclí lasta i dtaobh teorainneacha inmheánacha an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T) a thrasnú gan beann ar na hearraí a iompraíonn siad. Lean an Coimisiún de chruinnithe a eagrú le Líonra na bPointí Teagmhála Náisiúnta don Iompar aon uair a sainaithníodh saincheisteanna féideartha a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar shreabhadh an iompair de bhóthar laistigh den mhargadh inmheánach.

24 Moladh ón gCoimisiún an 23.11.2023 maidir le comhar idir na Ballstáit i ndáil le bagairtí tromchúiseacha ar an tslándáil inmheánach agus ar an mbeartas poiblí sa limistéar gan rialuithe teorann inmheánaí. C(2023) 8139 final.


gníomhach le tríú tíortha freisin. Lena áirithiú go ndéanfar imircigh neamhrialta a iompú siar go tapa ag na teorainneacha inmheánacha, ach gur ar bhealach ordúil a dhéanfar é sin, ní mór do thíortha Schengen na comhaontuithe déthaobhacha um athligean isteach atá acu cheana a chur i bhfeidhm, nó, de rogha air sin, socruithe oibríochtúla a thabhairt i gcrích chun an nós imeachta aistrithe a tugadh isteach faoi Chód Teorainneacha Schengen leasaithe a chur i bhfeidhm.

Go dtí seo, tá fadú déanta ag Ballstát amháin, an Ghearmáin, ar an rialú ag teorainneacha inmheánacha ó tháinig Cód Teorainneacha Schengen leasaithe i bhfeidhm. Arna iarraidh sin do Lucsamburg, tá comhairliúchán seolta ag an gCoimisiún cheana[25]. Is é an toradh a bhí air sin cruinnithe ar an leibhéal oibríochtúil agus ar an leibhéal aireachta arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar bhaic phraiticiúla ar shreabha trasteorann agus comhar a mhéadú maidir le bearta oibríochtúla malartacha. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí do sheasamh le prionsabail na saorghluaiseachta agus na slándála ar fud limistéar Schengen agus déanfaidh sé obair leantach de réir mar is gá i dtimthriall Schengen atá ag teacht aníos, lena n-áirítear tuairimí a eisiúint mar a leagtar amach i gCód Teorainneacha Schengen athbhreithnithe.

## 5. Uirlisí meastóireachta agus faireacháin Schengen

I mí na Samhna 2024, bhunaigh an Coimisiún **díorma meastóirí Schengen 2025.** I gcomhréir le ceanglais shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen, d'ainmnigh beagnach gach tír Schengen saineolaí amháin ar a laghad. Níor staon ach tír amháin ar an bhforas go ndéanfadh an t-ainmniú difear mór do chomhlíonadh cúraimí náisiúnta[26], agus dá bhrí sin ní raibh sí in ann saineolaí amháin ar a laghad a ainmniú i leith gach réimse de chóras Schengen[27].

San iomlán, ainmníodh 545 shaineolaí náisiúnta as ar roghnaíodh **525 shaineolaí náisiúnta** le haghaidh dhíorma 2025, agus na critéir ghinearálta agus na critéir shonracha a shainítear i Rialachán (AE) 922/2022 agus sa chuireadh chuig tíortha Schengen á gcur san áireamh[28].




*Líon na saineolaithe arna roghnú de réir tír Schengen (2025)*

Chun díorma ardcháilíochta saineolaithe a áirithiú le haghaidh gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin, dréachtaíodh **straitéis oiliúna meastóireachta Schengen in 2024.** Leagtar

[25] I gcomhréir le hAirteagal 27a de Rialachán (AE) 2016/399.
[26] I gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2022/922.
[27] Níor ainmnigh an Danmhairg saineolaí maidir le comhar póilíneachta.
[28] Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2022/922.

amach sa straitéis na príomhghnéithe de ghníomhaíochtaí oiliúna meastóireachta Schengen, bunaithe ar chuspóirí gearrthéarmacha agus meántéarmacha, d'fhonn modheolaíocht chomhleanúnach a chur chun feidhme le haghaidh creat oiliúna comhchoiteann, comhtháite i ndáil le meastóireacht Schengen. Is é is aidhm dó, i measc nithe eile, curaclam coiteann a sholáthar i leith na ngníomhaíochtaí oiliúna uile, rialachas neartaithe a sholáthar maidir le hoiliúint a chur cur chun feidhme, agus cuíchóiriú a dhéanamh i dtaobh oiliúnaithe a roghnú, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar shineirgí le díorma meastóirí Schengen. In 2024, **cuireadh oiliúint ar 90 saineolaí agus deimhníodh iad** mar mheastóirí Schengen i ndáil le gníomhaíochtaí oiliúna tosaigh faoin gcreat comhchoiteann sin.

Reáchtáladh an tríú **ceardlann do chomhordaitheoirí tíre agus príomhshaineolaithe** i mí Eanáir 2025, lenar tugadh le chéile tíortha Schengen agus comhordaitheoirí tíre de chuid an Choimisiúin mar aon leis na príomhshaineolaithe a ainmníodh i leith mheastóireachtaí 2024 agus 2025. Bhí plé straitéiseach ag níos mó ná 40 saineolaí sinsearach ó thíortha Schengen, a dhéanann ionadaíocht do phobal ina bhfuil níos mó ná 500 meastóir Schengen, maidir le todhchaí limistéar Schengen agus, go háirithe, maidir le conas an creat rialachais a threisiú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Bhí sé d'aidhm ag an gceardlann freisin comhordaitheoirí náisiúnta tíre agus príomhshaineolaithe a ullmhú le haghaidh ghníomhaíochtaí meastóireachta Schengen 2025.

## 6. Súil chun cinn: gníomhaíochtaí meastóireachta agus faireacháin in 2025

In 2025, tá **40 bliain** ann ó síníodh Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985. Beidh tionchar ag an ócáid chinniúnach sin ar an gclár oibre do rialachas Schengen i rith na bliana, lena n-athdhearbhófar Schengen mar shiombail dár n-éachtaí comhchoiteanna, mar atá Eoraip shlán, aontaithe a rachaidh chun tairbhe do shaoránaigh agus do ghnólachtaí na hEorpa araon. Agus an t-éacht tábhachtach sin á cheiliúradh againn, beidh Schengen fós i gcroílár thosaíochtaí an Choimisiúin agus is sócmhainn straitéiseach fhíor-riachtanach a bheidh ann chun dul i ngleic leis an tírdhreach geopholaitiúil atá ag teacht chun cinn.

Le sásra meastóireachta agus faireacháin Schengen, leanfar de chineál dinimiciúil, athraitheach thionscadal Schengen a léiriú, rud a áiritheoidh a athléimneacht agus a éifeachtacht i dtimpeallacht atá ag athrú. Glacadh ceanglais dhlíthiúla nua, go háirithe na ceanglais sin a eascraíonn as an gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann (e.g. an Rialachán maidir le Scagadh, an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Teorann um Fhilleadh) agus na ceanglais atá nasctha leis an mbonneagar digiteach nua lena dtacaítear le bainistiú teorainneacha agus le slándáil inmheánach limistéar Schengen (e.g. Rialacháin idir-inoibritheachta, nósanna imeachta ETIAS, rochtain lucht forfheidhmithe dlí ar EES, ETIAS, Idir-inoibritheacht, an Treoir maidir le Malartú Faisnéise).

Ina fhianaise sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle le tíortha Schengen agus le comhlachtaí ábhartha an Aontais, athbhreithniú[29] **ar cheistneoir caighdeánach Schengen** in 2025. Le tabhairt cothrom le dáta an cheistneora, neartófar freisin na gnéithe straitéiseacha is bonn le

[29] I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2022/922.

dea-fheidhmiú limistéar Schengen, amhail rialachas Schengen agus úsáid ionstraimí airgeadais gaolmhara de chuid an Aontais.

I gcomhréir leis an gclár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2023-2029, cuirfear chun feidhme **clár meastóireachta bliantúil 2025**[30]**.** Áirítear leis sin meastóireachtaí tréimhsiúla ar an Eilvéis, ar an tSlóivéin agus ar an Ostair, mar aon le meastóireachtaí ar an mBulgáir agus ar an Rómáin agus iad lánpháirtithe go hiomlán i limistéar Schengen gan rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha. A mhéid a bhaineann le **gníomhaíochtaí faireacháin** le haghaidh 2025, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún cuairteanna a thabhairt ar an bhFrainc (rud a rinneadh cheana i mí an Mhárta 2025), ar an nGréig (Meán Fómhair 2025) agus ar an bPortaingéil.

| | **Ean.** | **Feabh.** | **Már.** | **Aib.** | **Bealt.** | **Meith.** | **Iúil Lún.** | **M. Fómh.** | **D. Fómh.** | **Samh.** | **Noll.** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Meastóireacht thréimhsiúil | **an Eilvéis** | | **an tSlóivéin** | | **an Ostair** | | | **an Rómáin** | | **an Bhulgáir** | |
| Meastóireacht chéaduaire | | | | | | | | | | | |
| Meastóireacht théamach | | | | | | | | | | | |

I bhfianaise ról sonrach na **meastóireachtaí téamacha** maidir le dúshláin thrasearnálacha do limistéar Schengen a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, dúshláin amhail gáinneáil ar dhrugaí agus filleadh sa 2 bhliain roimhe sin, measann an Coimisiún, tar éis comhairliúcháin le tíortha Schengen, gur tráthúil an t-am é 2026 chun meastóireacht théamach eile a sheoladh. I gcomhthéacs an chogaidh leanúnaigh san Úcráin agus na rioscaí slándála méadaithe leanúnacha, ba é ab fheidhm don mheastóireacht sin bearnaí agus leochaileachtaí i struchtúr teorann agus slándála Schengen a shainaithint, d'fhonn a chomhleanúnachas a threisiú agus leibhéal foriomlán na slándála inmheánaí a mhéadú.

Thairis sin, in 2025, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an obair leantach ar na meastóireachtaí Schengen céaduaire atá fós ar bun chun ullmhacht theicniúil an dá thír lena mbaineann a chur chun cinn. I gcás **na Cipire**, d'fhéadfaí na cuairteanna is gá[31] a dhéanamh fós in 2025, ar choinníoll go mbeidh na bearta feabhais is gá curtha chun feidhme ag údaráis na Cipire. I gcás **na hÉireann**, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tuarascáil Schengen a eisiúint lena gcumhdaítear comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, comhar maidir le drugaí agus Airteagal 26 de Choinbhinsiún Schengen, sa chéad leath de 2025. Más toradh dearfach a bheidh air agus má dhéantar bearta feabhais i réimsí ábhartha eile, go háirithe an comhar póilíneachta, a chur chun feidhme go pras, cuirfear ar a cumas don Chomhairle na forálacha sin a chur i bhfeidhm in Éirinn agus beidh comhar Schengen méadaithe ina thoradh air.

30 Tá clár meastóireachta bliantúil 2025 le fáil ag Meastóireacht bhliantúil.
31 Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2022/922.

Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún dlús lena iarrachtaí in 2025 chun tacú le comhtháthú rianúil cheanglais Schengen i gcás tíortha ar mian leo teacht isteach san Aontas. Ós rud é gur iarrthóirí ar bhallraíocht i limistéar Schengen iad **tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas**, tá impleachtaí móra ag próiseas méadaithe an Aontais ar Schengen. Ní mór do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas ceanglais uile Schengen a chomhlíonadh faoin am a thagann siad isteach san Aontas, fiú más rud é nach mbeidh feidhm ag roinnt cearta Schengen, amhail rochtain ghníomhach iomlán ar na córais faisnéise uile, an ceart víosaí Schengen a eisiúint agus an ceart chun deireadh a chur le rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha, go dtí céim níos déanaí. Beidh an Coimisiún ag obair i ndlúthpháirt le tíortha is iarrthóirí ionas, faoin am a thiocfaidh siad isteach san Aontas, go mbeidh córas Schengen fréamhaithe i gcreat rialachais náisiúnta Schengen a bheidh ag feidhmiú go hiomlán. Chuige sin, ní mór ullmhúchán láidir a dhéanamh, lena n-áirítear pleananna gníomhaíochta Schengen a chur chun feidhme, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht 2024 maidir le beartas an Aontais um méadú.[32]

Ar deireadh, maidir le hoiliúint, le cur chun feidhme **curaclam coiteann** sna cúrsaí oiliúna tosaigh in 2024, cruthaíodh bunús láidir chun oiliúint a dhearadh amach anseo. Tá na chéad ghníomhaíochtaí oiliúna tosaigh eile beartaithe i gcomhair earrach, samhradh agus fómhar 2025.

[32] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 2024. Teachtaireacht maidir le beartas an Aontais um méadú. COM(2024) 690 final.